PICTIÚR NA BLIANA 2022

18,053
Grúpa Ball

673
Grúpa Comhshaoil

14,386
Grúpa Pobail agus Deonach

2,972
Grúpa um Chuimsiú Sóisialta

Rinneadh athbhreithniú fairsing 'fréamh agus bra-inse' ar struchtúir PPN in 2022 chun na struchtúir atá i bhfeidhm faoi láthair a mheas, aon dúshláin a shainaithint, agus chun moltaí a dhéanamh chun Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí a neartú agus a fheabhsú. Soláthróidh an t-athbhreithniú an bonn ar a bhféadfar treochlár a fhorbairt chun aon athruithe riachtanacha ar struchtúir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a chur i bhfeidhm.

Bhí rannpháirtíocht leanúnach le Grúpaí Ball, ag cinntiú go raibh faisnéis ríthábhachtach á scaipeadh go forleathan.

Chuir na PPNanna tacaíochtaí iolracha ar fáil d'Ionadaithe, rud a chuir ar a gcumas a bheith rannpháir-teach agus téigh i mbun go hiomlán.

In 2022 mhéadaigh na PPNanna a bpróifíl ar na Meáin Shóisialta.

Éiginnte agus Covid-19

Ba bhliain éiginnte eile í 2022. Díreach mar a thosaigh an tsochaí agus an geilleagar ag oscailt suas ag tús na bliana tar éis srianta leanúnacha Covid-19, bhí rátaí boilscithe againn nach raibh le feiceáil le blianta fada agus cogadh san Eoraip. Bhí an earnáil Phobail agus Dheonach ina cuid ríthábhachtach den fhreagairt náisiúnta ar na ceisteanna seo ag an leibhéal áitiúil ag cur béime arís ar chomh riachtanach agus chomh bunúsach is atá an earnáil Phobail agus Dheonach. Bhí eolas áitiúil ríthábhachtach.



Fáiltíonn Laois Romhat

D'fháiltigh Laoise roimh thoscairí ainmnithe ó 31 Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a rinne ionadaíocht thar ceann 18,000 ballghrúpa ar fud na hÉireann don Chomhdháil Náisiúnta PPN 2022. D'eagraigh PPN Laoise an Chomhdháil Náisiúnta PPN i gcomhar le Comhairle Contae Laoise agus DRCD[1].

[1] https://www.laoisppn.ie/wp-content/uploads/2022/11/LAOIS-PPN-NATIONAL-CONFERENCE-REPORT-2022-8.pdf

901 Ionadaithe

Shuigh 901 Ionadaí ar 418 Bord agus Coiste guth an phobail a thabhairt chuig bord na cinnteoireachta.

262

comhairliúchán thar raon leathan ábhar.

Leanann na PPNanna ag déanamh fíordhifríocht do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad.

Oiriúnú & Rathú

Lean na PPNanna ag oiriúnú mar fhreagra ar na hathruithe a bhíonn ag an pobail agus ag forbairt réitigh nuálacha trí chur chuige ón mbun aníos a ghlacadh i leith réiteach fadhbanna.

D'oiriúnaigh na PPNanna arís in 2022 chun freagairt go tapa agus go héifeachtach ar éagsúlacht riachtanas atá ag éirí níos éagsúla chun tacaíochtaí pobail forleathana agus riachtanacha a chinntiú.